Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9390/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0062(COD)**

**CODEC 910**
**UK 98**
**AGRI 260**
**PHYTOSAN 30**
**FOOD 41**
**SEMENCES 22**
**VETER 59**
**FORETS 55**
**PECHE 198**
**MI 423**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha sonracha a bhaineann le teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe coinsíneachtaí earraí miondíola, plandaí le haghaidh plandú, prátaí síl, innealra agus feithiclí a oibrítear chun críocha talmhaíochta nó foraoiseachta, chomh maith le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe isteach i dTuaisceart Éireann **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 27 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagail 43(2), Airteagail 114, agus Airteagal 168(4), pointe (b) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2023[2].

[1] 6931/23.
[2] Níor foilsíodh fós san IO í.

4. An 9 Bealtaine 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air maidir le dul i gceannas ar an togra ón gCoimisiún agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 17/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] 9194/23.